Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2022
(OR. en)

18125/13

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0425 (NLE)

ASILE 63
ISL 19

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an tSocraithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |

**CINNEADH Uimh. …/2014/AE ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir le tabhairt i gcrích an tSocraithe idir**
**an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne**
**maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta**
**san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 74 agus Airteagal 78(1) agus (2) de, i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] IO C ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh... ón gComhairle[1][*], síníodh an Socrú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (an 'Socrú') an... [**], faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart an Socrú a fhormheas.

(3) Mar a shonraítear in aithris 21 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], tá an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach sa Rialachán sin agus tá sé ina cheangal orthu. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh éifeacht a thabhairt d'Airteagal 49 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 trína bheith rannpháirteach sa Chinneadh seo. Tá an Ríocht Aontaithe agus Éire rannpháirteach sa Chinneadh seo.

(4) Mar a shonraítear in aithris 22 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, níl an Danmhairg rannpháirteach sa Rialachán sin agus níl sé ina cheangal uirthi. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach sa Chinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an tSocraithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (IO L ..., ..., lch. …).

* IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh ón gComhairle atá in st18122/13 sa téacs agus uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin i bhfonóta 1.

** IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an tSocraithe atá i ndoiciméad st18123/13.

2 Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (IO L 132, 29.5.2010, lch. 11).

*Airteagal 1*

Déantar an Socrú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne maidir le módúlachtaí a rannpháirtíochta san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn a fhormheas, leis seo, thar ceann an Aontais.

Tá téacs an tSocraithe curtha i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) den Socrú[1].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a thiocfaidh an Socrú i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.